

# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharráige  
Twitter: @PleanTeangaCF  
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

09 IÚIL 2020



### ARRACHT AG FLEADH NA GAILLIMHE

**Arracht**, fadscannán i nGaeilge a chuirfidh clabhsúr ar Fhleadh Scannán na Gaillimhe i mbliana. Scéal iascaire a thugann dídean ar iarratas an tsagairt áitiúil in aimsir an Ghorta Mhóir atá sa scéinséir. **Macalla** a léirigh é do scéim Cine 4 de chuid TG4 agus tá riar gradaim buaite ag an scannán cheana féin: péire ag Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Atha Cliath, gradam an lucht féachana ag Féile Scannán Ghlaschú agus chúig ghradam ag Féile Scannán Idirnáisiúnta “American Golden Picture” san Stáit Aontaithe. As na hAille i gCois Fharráige do Dhónall Ó Healaí an príomhaisteoir agus tá duaiseanna don aisteoir is fearr bronnta air ag féilte in Éirinn agus i Meiriceá. Is féidir ticéid a cheannacht ag [galwayfilmfleadh.com](http://galwayfilmfleadh.com) agus breathnú air ar leic do theallaigh féin ar an Domhnach 12 Iúil ag 9.00 i.n!

### DEIREADH RÉ LE CEOLTÓIRÍ ÓGA RANG A 6

Bhí ócáid ar leith ag Ceoltóirí Óga Cois Fharráige le gairid nuair a d'fhág siad slán le ceoltóirí Rang a Sé. Beidh na ceoltóirí breátha seo ag casadh le grúpa na ndéagóirí ó mhí Meán Fómhair ar aghaidh. Bhí Becky Ní Éallaithe i láthair mar aoi speisialta le teastais a bhronnadh ar na gasúir. Treise libh a chairde!



### TIONSCADAL STAIRE & OIDHREACHTA DON ÓIGE

Tá tionscadal staire agus oidhreachta dírithe ar óige Chois Fharráige, á reáchtáil ag **Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga CTR**. Gnéithe de stair, de bhéaloideas, de sheanchas, de cheol nó d'oidhreachtaí an cheantair, á chur i láthair ag déagóirí an phobail ar bhealach cruthaitheach spreagúil do pháisítí bunscoile an cheantair, atá i gceist leis an tionscadal. Má tá suim agat ann, déan teagmháil le Katie 083 010 6294. Glacfar le rannpháirtithe go dtí 10ú Iúil.




### SCÉIM NA DTIONSCADAL LITRÍOCHTA 2021

Tá Scéim na dTionscadal Litríochta de chuid Fhoras na Gaeilge ag glacadh le hiarratais faoi láthair. Tá an scéim dírithe ar chothú, ar thacaíocht agus ar chur chun cinn na litríochta Gaeilge. D'fhéadfaí deontas a íoc le grúpa nó eagraíocht a éiríonn leo plean cuimsitheach a réiteach maidir le tionscadal litríochta Gaeilge ar mhaith leo tabhairt faoi. Glacfar la hiarratais go dtí an 9ú Meán Fómhair 2020. Is féidir na sonraí a fháil ag: [www.forasnagaeilge.ie/sceimeanna-maoinithe/](http://www.forasnagaeilge.ie/sceimeanna-maoinithe/)

### OIFIGEACH CÚNTA PLEANÁLA TEANGA

Tá Aoife Ní Chonghaile ceaptha mar Oifigeach Cúnta le Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga CTR. Is as Cruimne i Leitir Móir d'Aoife. Is céimí Cumarsáide agus Gaeilge de chuid Ollscoil na hÉireann Gaillimh í agus tá neart taithí aici i réimsí na cumarsáide agus an riaracháin. Bhíodh sí ag obair san Aonad Forbartha Pobail in Udarás na Gaeltachta go dtí seo. Cúraimí na hóige go háirid a bheas ar Aoife, cé go mbeidh baint aici freisin le raon iomlán na mbeartas atá idir lámha ag an bhFóram. Beidh Aoife ag obair in éineacht leis an Oifigeach Pleanála Teanga, Katie Ní Loingsigh. Cuirfidh Aoife tús lena cuid fostaíochta linn go gairid, ar an gCéadaoin 15 Iúil s táimid ag súil go mór leis. Tá fáilte mhór roimh Aoife, go n-éirí go geal léi.



### I MBUN MACHNAIMH LE MICHEÁL

Tá sraith nua ar Facebook ag Micheál Ó Ciaraidh ina mbíonn sé i mbun agallaimh le daoine aitheanta. Tá an tsraith an-spéisiúil seo ar fáil ar Facebook: Foras na Gaeilge.



## SEAL SA MBRUISÉIL?

D'fhógair an Coimisiún Eorpach le deireanaí go bhfuil tréimhse oiliúna - agus pá ag dul léi - á réachtáil ag an scéim oiliúna **Bluebook**. Beidh deis ann tréimhse traenála a chaitheamh in Aonad na Gaeilge le blais a fháil ar cheird an aistriúcháin agus ar shaol an aistritheora, sa mBruiséil. Seans iontach atá ann cur le scileanna agus deiseanna fostaíochtaí amach anseo, trí oiliúint a fháil in institiúidí an Aontais. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an leathanach Facebook: An Coimisiún Eorpach - Aistriúchán Gaeilge.

## POST AG TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Tá post mar Oifigeach Forbartha (Cúige Chonnacht/Laighean) á thairiscint ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. Beidh an té a cheapfar freagrach as seirbhísí, imeachtaí, ócáidí agus scéimeanna na heagraíochta a eagrú agus a fhorbairt. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le taithí i dtionscadal a chur i gcrích, i ríomhaireacht, i gcúsaí cumarsáide agus áisitheoireachta le cáilíocht tríú leibhéal nó taithí i réimse na pleanála teanga, na Gaeilge, na forbartha phobail, an chúraim leanaí, an oideachais, agus na cumarsáide. Is féidir na sonraí uilig faoin bpost a fheiceáil ar líne ag: [www.tearma.ie/foluntais](http://www.tearma.ie/foluntais) nó ar Facebook @ Tuismitheoirí na Gaeltachta.

## MARGADH NUA NA TULAÍ

Ní fada anois go mbeidh **Margadh NeighbourFood na Tulaí** faoi lán tseoil. Chuile sheachtain beidh earraí den scoth le fáil go díreach ó fheilméaraí agus ó tháirgeoirí áitiúla bia, chomh maith le neart rudaí deasa eile. Ceannófar na hearraí ar líne, cuirfear le chéile i mbeartanna iad agus iarrfar ar chustaiméirí iad a bhailiú ag am ar leith ón bPota Café ar an Tulach. Is bealach iontach é bia áitiúil, úr ar ardchaighdeán a cheannach agus tacaíocht a thabhairt do ghnóna beaga áitiúla ag an am céanna. Is féidir clárú leis an margadh anois ag: <http://www.neighbourfood.ie/market/s/an-tulach/83>



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: [optchoisfharraige@gmail.com](mailto:optchoisfharraige@gmail.com)

Comhghairdeachas le ceoltóirí agus amhránaithe Chois Fharraige a tháinig le chéile le deireanaí le singil a thaifeadadh ar son an fheachtais Le Chéile do Molli. Tá ag éirí go hiontach leis go dtí seo agus is féidir é a cheannach agus a chloisteáil ar Apple agus Facebook: Le Chéile do Molli.

Tá gailearaí 'pop-up' de chuid Donnacha Quilty, ealaíontóir na Forbacha, i mBearna faoi láthair. Beidh an taispeántas ann go dtí deireadh Mí Iúil. Deis iontach atá ann léargas a fháil ar shaothar ealaíne den scoth.



Tá pancóga banana agus coirce á ullmhú ag Póilín ar leathanach Facebook Cúla4 - bealach deas tús a chur leis an lá!



Teach le Chéile chuile Dhéardaoin, beo @ 6 ar Facebook: Molscéal.

An mbeadh suim agat do Ghaeilge a chleachtadh, nó deis a fháil tuilleadh Gaelainne a úsáid? Tá Ciorcal Comhrá Fíorúil ar siúl chuile Mháirt @ 3i.n. ar Zúm. Más mian leat páirt a ghlacadh ann, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó ag [optchoisfharraige@gmail.com](mailto:optchoisfharraige@gmail.com)




## GEARRLIOSTA DO GHRADAM JOE STEVE FÓGARTHA

Fógraíodh liosta na scríbhneoirí atá roghnaithe don ghearrliosta do Ghradam Joe Steve. Comórtas do dhráma raidió deich nóiméad ar fhad, bunaithe ar scéalta miotais nó stairiúla na hÉireann scríofa i stíl chomhaimseartha atá i gceist. *Fíbin* i gcomhar le *RTÉ Raidió na Gaeltachta* agus *An Taibhdhearc* atá ag réachtáil an ghradaim in ómós do Joe Steve Ó Neachtain. Comhghairdeachas le Suzanne Colleary, le Seán Ó Dubhchon agus le hEoin Ó Dubhghaill as an gCoill Rua a bhain áiteanna amach ar an ngearrliosta. Léireoidh *Fíbin* an dráma a roghnófar sa Taidhbhearc agus craolfar ar RTÉ Raidió na Gaeltachta é chomh maith. Go n-éirí go geal leis na húdair!



Eoin Ó Dubhghaill



Susanne Colleary



Seán Ó Dubhchon